

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



Comhairle Contae Fhine Gall Buiséad Bliantúil

Fingal County Council
Annual Budget

2017

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



Buiséad Bliantúil 2017

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017



BUISÉAD BLIANTÚIL 2017

CLÁR NA NÁBHAR

Leathanach

Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh	1
Anailís Airgeadais	10
Anailís Airgeadais – GRAIF	17
Táblaí Reachtúla A – E.....	22
TÁBLAÍ REACHTÚLA F	
Rannán A - Tithíocht agus Foirgníocht	34
Rannán B - Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	43
Rannán C - Seirbhísí Uisce	48
Rannán D – Bainistíocht Forbartha	52
Rannán E - Seirbhísí Comhshaoil.....	62
Rannán F - Áineas agus Fóntas.....	69
Rannán G - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas.....	77
Rannán H – Seirbhísí Ilghnéitheacha.....	82
Deimhniu.....	89
Muirear Bainistíochta Lárnaí – Aguisín 1	90
Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla, 2017– Aguisín	91

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



TUAIRISC AN
PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



CHUIG MÉARA AGUS COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL **BUISÉAD BLIANTÚIL - 2017**

RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh an dréacht-Bhuiséad atá istigh leis seo don bhliain airgeadais 2017 san fhormaid reachtúil agus i gcomhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh le haghaidh a bhreithnithe ag na Comhaltaí Tofa. Tá céimeanna tábhachtacha i gceist leis an bpróiseas chun buiséad a thiomsú, agus áirítear leo:

- Comhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh chun breithniú a dhéanamh ar an straitéis bhuiséid, ráta na cánach maoine áitiúla agus sonraí an bhuiséid ag céimeanna éagsúla den phróiseas.
- Na Comhaltaí Tofa breithniú ar an tionchar a bheadh ag athrú i ráta na Cánach Maoine Áitiúla.
- Athbhreithnithe mionsonraithe ar gach gné den bhuiséad le Stiúrthóirí agus le Sealbhóirí Buiséid.
- Réamhmheastacháin ar ioncam agus caiteachas reatha agus caipitil a leagan isteach chuig an DHPCLG faoin 23 Meán Fómhair 2016.

Is í an chéim dheireanach den phróiseas buiséid ná na Comhaltaí Tofa breithniú ar an mbuiséad díreach mar a chuirtear i láthair é, ag an gCruinniú Buiséid Bhliantúil atá sceidealta don 8 Samhain 2016.

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA COMHALTAÍ TOFA

Tá líon feidhmeanna forchoimeáda ag na Comhaltaí i ndáil leis an bpróiseas buiséid mar seo a leanas:

Cáin Mhaoine Áitiúil

Tá de chumhacht ag na Comhaltaí ráta na Cánach Maoine Áitiúla (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil) a athrú faoi fhachtóir móide/lúide 15%.

Glacadh leis an mBuiséad

Is féidir leis na Comhaltaí glacadh leis an mBuiséad le leasú nó gan leasú agus ní mór dóibh na suimeanna ata curtha ar fail le haghaidh a n-aistriú chuig an gcuntas Caipitil a fhaomhadh.

Cinneadh an Ráta

Ní mór do na Comhaltaí breithniú a dhéanamh ag an gCruinniú Buiséid ar rún ar leith maidir leis an Ráta Bliantúil ar Luacháil a chinneadh.

Rátaí ar Áitribh Neamhshealbhaithe

Ag teacht leis an bhforáil in Alt 31 den Acht Rialtais Áitiúil, 2014, tá de chumhacht ag na Comhaltaí cion na n-aisíocaíocháí rátaí a bheidh infheidhmithe ar áitribh thráchtála neamhshealbhaithe a shocrú.

IONCHAS GEILLEAGRACH

Agus 2017 buailte linn, tá an geilleagar náisiúnta agus an geilleagar i réigiún Bhaile Átha Cliath ag téarnamh go maith. Mar gur geilleagar beag oscailte í Éire, tá sí íogair do thuariteanna seachtracha cosúil le riochtaí trádála domhanda agus an éiginnteacht a bhaineann le cinneadh na Ríochta Aontaithe an AE a fhágáil. Mar sin féin, tá fás an gheilleagair intíre á spreagadh ag infheistíocht láidir agus caiteachas tomhaltóirí.

Maidir le 2016, táthar ag tuar go bhfásfaidh Olltáirgeacht Intíre 4.2%, agus go mbeidh fás beagán níos ísle 3.5% ann in 2017, ar fás geilleagrach réasúnta é sin freisin. Tá fianaise den chéanna ann sa mhargadh saothair freisin sa mhéid is gur tháinig ardú 56,200 ar líon na ndaoine a bhí fostaithe i Ráithe 2 de 2016, agus go raibh os cionn 2,000,000 fostaithe den chéad uair ó bhí Ráithe 4 de 2008 ann. Ó thaobh réigiún de, is é Baile Átha Cliath atá taobh thiar d'fheidhmíocht gheilleagrach na tíre. Bíodh is gur tháinig ardú beag ar an ráta dífhostaíochta sna réigiúin go dtí 7.9% i Ráithe 2 de 2016, tháinig ardú 25,600 i rith na bliana ar líon na ndaoine a bhí fostaithe.

Ach tá dúshlán ann don gheilleagar áitiúil agus náisiúnta freisin. Is deacair pleanáil don todhchaí i bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le cinneadh na Ríochta Aontaithe an AE a fhágáil. Mar atá amhlaidh ag an leibhéal náisiúnta, is comhpháirtí trádála an-tábhachtach í an Bhreatain don earnáil fiontraíochta i bhFine Gall. Fágann na hathruithe atá tagtha ar luach steirling le gairid go bhfuil táirgí na hÉireann a easpórtáiltear chuig an Ríocht Aontaithe níos costasaí, agus earraí ón Ríocht Aontaithe a iompórtáiltear anseo níos saoire, agus go bhfuil sé níos tábhachtaí go gcoinneofaí táirgiúlacht agus déantúsaíocht bharainneach. Is dúshlán suntasach é seo don earnáil fiontraíochta i bhFine Gall i bhfianaise na hearnálacha agraibhia agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide atá lonnaithe sa Chontae. Anuas air sin, ní mór don lucht déanta beartais a bheith airdeallach ar shaincheistanna cosúil le soláthar tithíochta, acmhainn infreastruchtúir agus fáil tallainne.

D'ainneoin na ndúshlán sin, tá an t-ionchas do gheilleagar Bhaile Átha Cliath - agus Fine Gall - dearfach i gcónaí. Bíodh is go mbainfidh dúshlán le cinneadh na Ríochta Aontaithe an AE a fhágáil, is cinnte go mbeifear in ann leas a bhaint as freisin. Beidh Baile Átha Cliath mar réigiún ag tapú an deis le leas a bhaint as na cúinsí seo agus déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall a dícheall chun a chinntiú go mbeidh an Contae réidh freisin. Beidh éifeacht spreagtha ag an mbuiséad ar an gContae agus cabhróidh sé sin le fás a chomhdhlúthú sa gheilleagar áitiúil agus tacú le fostaíocht a chruthú in 2017 agus ina dhiaidh sin. Déantar tuilleadh plé air seo thíos.

SPREAGADH GEILLEAGRACH BHUISÉAD 2017

Na cineálacha tionchair eacnamaíoch a thuiscint

Tá meastachán déanta ar na tionchair spreagthacha a bheidh ag Buiséad 2017 chun go dtuigfear

tionchar níos leithne ghníomhaíochtaí na Comhairle. Táthar ag tuar go caithfidh an Chomhairle

€216 milliún in 2017 ar chaiteachas reatha. Íocfaidh sé sin as oibríochtaí laethúla na Comhairle chomh maith le cur le baint amach Chlár Caipitil an Chontae. Ceaptar gur ionann caiteachas caipitil agus €241 milliún thar thrí bliana (2016 - 2018). B'ionann an figiúr sin in 2015 agus €115.

Braitheann tionchar eacnamaíoch chaiteachas Chomhairle Contae Fhine Gall ar an méid airgid a chaitheann an Chomhairle agus ar na réimsí a gcaitheann sí orthu é. Baineann na tionscail agus na gnóthaí sin a chuireann earraí agus/nó seirbhísí ar fáil don Chomhairle leas díreach as an gcaiteachas sin, agus an geilleagar trí chéile go hindíreach trí thomhaltas níos airde agus fostaíocht i dtionscail thánaisteacha. Áirítear leis na tionchair eacnamaíocha i múnla Fhine Gall éifeachtaí caiteachais dhírigh agus tionchair eile, eadhon:

- ❑ Éifeachtaí/tionchair dhíreacha
- ❑ Éifeachtaí/tionchair indíreacha; agus,
- ❑ Éifeachtaí/tionchair mheallta.


Is iad na héifeachtaí eacnamaíocha 'díreacha', mar a thugtar orthu, atá ag gníomhaíochtaí na Comhairle na héifeachtaí a eascraíonn as caiteachas na Comhairle. Sampla de na héifeachtaí eacnamaíocha díreacha sin is ea na díolacháin le conraitheoirí tógála áitiúla atá fostaithe ag an gComhairle, agus an fhostaíocht a chuireann siad ar fáil.

Tá a éifeachtaí féin ar an ngeilleagar ag an méadú seo ar éileamh gnó i bhfoirm ioncam d'fhosholáthróirí, cánachais agus fostaíochta. Is iad seo na héifeachtaí indíreacha atá tionscanta ag caiteachas poiblí na Comhairle. Ag leanúint leis an sampla thuas, is é an t-ioncam a shaothraíonn soláthróirí chonraitheoirí tógála na Comhairle an éifeacht indíreach chomhionann. Is fachtóir tábhachtach iad éifeachtaí indíreacha nuair atáthar ag déanamh anailís ar an tionchar eacnamaíoch, mar go gcuireann siad san áireamh éifeachtaí fostaíochta agus aschuir iarmhartacha nach bhfuil taifeadta go díreach ag Comhairle Contae Fhine Gall agus nach bhfuil aon bhaint dhíreach ag an gComhairle leo. Éiríonn éifeachtaí meallta as an méadú in ioncam tí agus an tomhaltas gaolmhar de bharr éifeachtaí díreacha agus indíreacha.

Aschur geilleagrach

Déanann aschur agus caiteachas luach iomlán na ndíolachán i gcomhair gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith a thomhas. Cuirtear i láthair i bhFíor 1 torthaí chaiteachas Chomhairle Contae Fhine Gall don Bhuiséad molta don bhliain 2017 i ndáil le caiteachas reatha, agus i dtéarmaí an leithdháilte caipitil tháscaigh.

Figúir 1 Cion tairbhe chaiteachas Chomhairle Contae



Foinse: Comhairleoirí Idirnáisiúnta Eacnamaíochá Indecon

Ba chóir Fíor 1 a léirmhíniú mar seo a leanas. Tugtar le fios le Buiséad reatha 2017 gur €183 milliún an caiteachas reatha comhiomlán, arb ionann é sin agus caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí (€103m) agus caiteachas ar phárolla (pinsin agus aiscí san áireamh) d’fhoireann Chomhairle Contae Fhine Gall (€79m). Anuas air sin, léirítear leis na figiúirí táscacha do chaiteachas caipitil (arna bhfaisnéisiú ag toradh 2015) gurb ionann an caiteachas agus €115m. Bíonn dhá bhabhta tionchair ag an gcaiteachas sin:

Tionchar Indireach

Meallann caiteachas na Comhairle soláthróirí an méid ionchuir a cheannaíonn siad a mhéadú. Eascraíonn aschur breise arb ionann é agus €78m ón ngníomhaíocht sin;

:


Tionchar MealltaToradh eile atá ar chaiteachas na Comhairle ná go n-ardaíonn sé ioncam tí, agus is ionann an méadú éilimh ar earraí agus ar sheirbhísí dá bharr agus €134m.

Ar deireadh, ríomhtar an tionchar aschuir iomlán trí chomhiomlánú a dhéanamh ar na tionchair éagsúla. Taispeánann sé sin go mbeifear ag súil le haschur €511m breise sa gheilleagar trí chéile. Comhfhreagraíonn an figiúr sin le hiolraitheoir aschuir 1.71. Is ionann é sin agus a rá go mbíonn gach €1 breise de chaiteachas reatha agus caipitil a chaitheann Comhairle Contae Fhine Gall agus aschur breise de €1.71 sa gheilleagar.

Tionchair fostaíochta

Baineadh úsáid as an gcur chuige céanna chun cion tairbhe ghníomhaíochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall d'fhostaíocht iomlán sa gheilleagar a mheas. Tá na torthaí curtha i láthair sa chairt thíos. Áirítear leis na tionchair fostaíochta fostaíocht dhíreach le Comhairle Contae Fhine Gall mar aon leis an réimse post a dtacaítear leo sa gheilleagar trí chéile a bhaineann le caiteachas breise soláthróirí agus tomhaltóirí.

Figúir 2 Tionchar fostaíochta chaiteachas Chomhairle Contae Fhine Gall



Foinse: Comhairleoirí Idirnáisiúnta Eacnamaíochá Indecon

Mar atá ar taispeáint i bhFíor 2, tá baint ag gach post sa Chomhairle le dhá phost breise in áiteanna eile sa gheilleagar, rud a thugann le fios go bhfuil tionchar eacnamaíoch substaintiúil ann.

Tionchair eacnamaíochá níos leithne

Bíodh is go bhfuil na tionchair sin a bhaineann le caiteachas an-tábhachtach don gheilleagar áitiúil, tá tionchar eacnamaíoch agus sóisialta i bhfad níos leithne ná sin ag gníomhaíocht Chomhairle Contae Fhine Gall, agus tá tionchar mór aici ar thomhaltóirí agus ar ghnóthaí sa réigiún trí chéile. Áirítear leis na samplaí seo a leanas roinnt de na tionchair chatalaíochá a bhíonn aici:

Crios Fiontair Bhaile Atha Cliath:

Ta taighde idirnáisiúnta ann a leiríonn go bhfuil solathar Phairceanna Ghno in ann cur go mor le leibheil gníomhaíochta eacnamaíche go haitiúil. Anuas air sin, cuireann an Chomhairle go leor infreastruictur cumasuchain eile ar fail ata den riachtanas chun gnothaí nua-aimseartha a mhealladh.

Cur chun cinn na Turasoireachta:

Ta clair oibre suntasach ag an gcomhairle chun turasoiri a mhealladh chuig an reigiun, mar go gcabhraíonn a gcaiteachtas siud leis an ngeilleagar reigiunach.

Fostaíocht dhuchasach a chur chun cinn:

Tacaíonn Oifig Fiontair Aitiuil Fhine Gall le forbairt gnothas beag agus meanmheide sa Chontae trí chomhairle Ghno agus Meantoireacht a chur ar fail, chomh maith le hOiliúint do Ghnothai Beaga, Tacai Airgeadais, Imeachtai Lionraithe, Dearbhain chun Tradail ar Line agus Oideachas Fiontraíochta.

Caighdean na Bbeatha a chur chun cinn:

Baineann go leor de ghníomhaíocht Chomhairle Contae Fhine Gall le saincheisteanna chaighdean na beatha. Aithnítear le hinneacs an OECD, 'Better Life', 11 ghne ata a dtomhas aige chun caighdean na beatha trí cheile a mheas, a bhfuil clar gníomhaíochta suntasach ag Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le naoi gcinn acu.

ATHRÚ AR AN gCÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Bheartaigh na Comhaltaí Tofa, ag cruinniú den Chomhairle an 12 Meán Fómhair 2016 bunráta na Cánach Maoine Áitiúla a laghdú 15% tar éis dóibh breithniú a dhéanamh ar thuarascáil reachtúil lenar cuimsíodh na nithe seo a leanas:

- Meastachán an údaráis áitiúil den ioncam a bhfaighidh sé agus an caiteachas a thabhoíd sé sa tréimhse ina mbeidh éifeacht ag an ráta athraithe.
- Staid airgeadais an údaráis áitiúil.
- Éifeacht airgeadais an ráta athraithe.
- Aiseolas ón gcomhairliúchán a reáchtáladh.

Is é an toradh a bheidh ag an gcinneadh seo d'úinéirí réadmhaoine (daoine faoi dhliteanas) i bhFine Gall ná go n-íocfaid siad an méid céanna cánach maoine áitiúla in 2017 is ar íoc siad in 2016. Is é an tionchar airgeadais a bheidh ar an gComhairle ná go gcoinneofar ioncam lánroghnach na cánach maoine áitiúla ag an leibhéal céanna le 2016 ach nach bhfaighfear ioncam lánroghnach breise de €5.7m.

PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN – BUISÉAD 2017

Gné lánrach d'ullmhúchán an bhuiséid is ea comhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh i rith an phróisis Buiséid agus Cánach Maoine Áitiúla. Tá cruinnithe leis an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh ag dul ar aghaidh ó thús na bliana mar gheall ar an bplé a bhí le déanamh ar ghnéithe breise den Bhuiséad atá le breithniú ag na Comhaltaí, lena n-áirítear an t-athrú ar an ráta Cánach Maoine Áitiúla agus an ráta aisíocaíochta d'áitribh neamhshealbhaithe a bhfuil rátaí tráchtála le híoc orthu. Is gné lánrach agus thábhachtach den phróiseas buiséid é an próiseas comhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh agus tá mé faoi chomaoin mhór as rannpháirtíocht dhearfach gach baill den ghrúpa.

TITHÍOCHT

Rannóg a bhfuil caiteachas ard agus ioncam ard i gceist léi is ea an Rannóg Tithíochta mar gheall ar an méid tacaí do thithíocht shóisialta a chuireann sí ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in ann lóistín a chur ar fáil dóibh féin trína n-acmhainní féin.

Is ionann Buiséad Tithíochta 2017 agus 25% de bhuiséad caiteachais na Comhairle trí chéile agus cuimsíonn an t-ioncam atá aimsithe ag an Rannóg Tithíochta níos mó ná 50% de mhaoiniú inmheánach na Comhairle ó Earraí agus Seirbhísí agus maoiniú ón Rialtas.

Straitéis Tithíochta Sóisialta/Re-building Ireland

Leag Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 an dualgas ar Fhine Gall 1,376 aonad sóisialta a chur ar fáil le himeacht na tréimhse ó 2015 go 2017 trí thógáil, tríd an scéim cóiríocht ar cíos agus tríd an gclár caiteachais reatha do thithíocht shóisialta. D'fhoilsigh an Rialtas an Plean Gníomhaíochta do Thithíocht agus d'Easpa Dídine i mí Iúil 2016 agus leagadh síos sprioc náisiúnta ann go seachadfar 47,000 aonad tithíochta sóisialta faoi 2021, ar ionann é sin agus ardú 35% ar an sprioc a leagadh amach faoi Straitéis 2020.

Tá cúig chrann taca ag an bPlean agus is tríothu a bhainfear amach aidhm an Phlean, is é sin luas a chur le soláthar tithíochta:

1. Aghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine
2. Luas a chur faoi Thithíocht Shóisialta
3. Níos Mó Tithe a Thógáil
4. Feabhas a chur ar an Earnáil ar Cíos
5. Úsáid a bhaint as an Tithíocht atá ann cheana féin

Bíodh is go bhfuil an infheistíocht chaipitil i soláthar tithíochta sóisialta san áireamh i gClár Caipitil na Comhairle, tá ról ag an mbuiséad ioncaim freisin i seachadadh tithíochta sóisialta faoi chrainn taca an Phlean.

Maidir le heaspa dídine, leanann an Chomhairle ag tacú le bainistiú agus cosc na heaspa dídine agus tá €2.1m curtha i leataobh don tseirbhís seo in 2017.

Léiríonn an soláthar caiteachais níos airde, ar ionann é agus €3.2m, an leibhéal gníomhaíochta idir an Chomhairle agus na Comhlachtaí Tithíochta Faofa (AHB) maidir le soláthar tithíochta sóisialta trí leas a bhaint as saoráid léasaithe an chláir caipitil caiteachais. Tá caiteachas faoin gclár seo in-fhorchúitithe ón Rannóg Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Foinsí tábhachtacha tithíochta sóisialta is ea an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus Cláir um Léasanna Fadtéarmacha, agus tá caiteachas in-fhorchúitithe ón Rannóg Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Maidir le húsáid an stoic tithíochta reatha, tugadh tús áite d'athdheisiú agus athlígíon tithe neamhshealbhaite in 2016 agus leanfar leis in 2017. Leanfaidh an Chomhairle ag infheistiú i gcothabháil/coinneáil stoc tithíochta na Comhairle trí €2.5m a aistriú chuig soláthar caipitil chun clár mór athchóirithe caipitil a mhaoiniú.

CUSPÓIRÍ AN BHUISÉID, 2017

Déanann an Dréachtbhuiséad Bliantúil do 2017 foráil do leibhéal suntasach leanúnach infheistíochta

i bhfabraic shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha an Chontae seo. Tá líon bunchuspóirí roimhe:

1. Leanúint lenár n-infheistíocht sna réimsí Tithíochta agus Pobail.
2. Ár leibhéal infheistíochta a choinneáil chun seachadadh seirbhísí a fheabhsú.
3. Plean eacnamaíoch agus pobail a fhorbairt d'Fhine Gall, a thacóidh le cruthú post, le turasóireacht agus le pobail inbhuanaithe.

Chomh maith leis an infheistíocht tithíochta a bhfuil cur síos air thuas, déanann sé foráil shonrach d'infheistíocht sna réimsí seo a leanas:

- Infheistíocht €5.4m inár gclár oibreacha oibríochtúla do 2017 mar seo a leanas:-

Scéimeanna Athchóirithe Feabhsúcháin	€2,537,000
Scéimeanna Athchóirithe Coinneála	€ 900,000
Clár Oibreacha Speisialta (Cosáin agus Draenáil)	€ 750,000
Clár Oibreacha Speisialta (Trácht)	€ 750,000
Clár Oibreacha Speisialta (Soilsiú Poiblí)	€ 100,000
Clár Oibreacha Speisialta (Páirceanna)	€ 400,000
- €450k le haghaidh Forbairt Reiligí.
- €100k chun ciste a mhaoiniú le haghaidh Chosaint Éigeandála an Chósta.
- €150k chun ciste a mhaoiniú le haghaidh oibreacha a bhaineann le Cothabháil Droichid.
- €500k do chlár athsholáthair Soilse Poiblí le Soilse atá Tíosach ó thaobh an Fhuinnimh de (LED).
- €1.4m in aistrithe leanúnacha chuig an gcuntas caipitil chun cabhrú le forbairt agus le feabhsú Sócmhainní Turasóireachta Stairiúla.
- €616k chun Contae Fhine Gall a chur chun cinn go sonrach mar cheann scríbe turasóireachta.
- €1.0m le haghaidh imeachtaí atá cosúil le Lá Fhéile Pádraig, Féile Chloicheán Bhá Bhaile Átha Cliath, Flavours of Fingal, Féile Samhraidh Shoir, chomh maith le himeachtaí pobail/deonacha sa Chontae trí chéile.

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhaltaí Tofa na Comhairle as ucht a dtacaíochta agus a chur ar an taifead cé chomh buíoch is atá mé den Mhéara, an Comhairleoir Darragh Butler, agus den Mhéara bhí ann roimhe, an Comhairleoir David O'Connor, as a dtiomantas d'fhreagrachtaí speisialta na hoifige agus as a gcúirtéis agus as a gcomhoibriú, mar aon leis an nGrúpa Beartais Chorpáidigh, agus mé ag tabhairt faoi ghnó na Comhairle i rith 2016. Tá mé ag súil leanúint ag obair i gcomhpháirtíocht leis na Comhaltaí Tofa chun seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh do shaoránaigh Chomhairle Contae Fhine Gall.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don fhoireann trí chéile as a dtiomantas agus as a ndíograis chun seirbhísí a sheachadadh do mhuintir Fhine Gall. Saothar deacair agus éilitheach is ea ullmhú an Bhuiséid, a ndearna an Rannóg Airgeadais comhordú air agus a raibh baint ag gach Rannóg den Chomhairle leis. Maidir leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine den fhoireann a raibh baint acu le hullmhú an Bhuiséid.

CONCLÚID

Tá mé muiníneach go bhfuil caidrimh níos láidre forbartha ag Fine Gall le príomhranna den Rialtas, le hoifigigh, le gníomhaireachtaí stáit agus le geallsealbhóirí níos leithne chun tacú le pobail éagsúla a thógáil a mbeimid bródúil astu.

Ullmhaíodh an Buiséad tar éis breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar gach riachtanas caiteachais agus ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach againn inár bPlean Corparáideach. Is dúshlán i gcónaí é éilimh ar leibhéal ardaithe seirbhísí agus infheistíocht i bpríomhshócmhainní a chomhlíonadh i bhfianaise an fháis nach bhfuil ach measartha i roinnt dár bhfoinsí ioncaim. Mar sin féin, tacóidh an Buiséad leis an gComhairle na seirbhísí atá á seachadadh againn dár ngeallsealbhóirí a choinneáil agus a fheabhsú.

Molaim go nglacfaí leis an mBuiséad.



Paul Reid
Príomhfheidhmeannach
Samhain 2016

ANAILÍS AIRGEADAIS

Tréimhse Bhuiséid Fhorordaithe

Tá an tréimhse ón 1 Samhain 2016 go 30 Samhain 2016 cinntithe ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar an tréimhse fhorordaithe do Chomhairlí Contae chun Cruinniú Buiséad 2017 a reáchtáil. Reáchtálfar an Cruinniú Buiséid reachtúil an 8 Samhain 2016 agus ní mór an Buiséad a bheith glactha laistigh de thréimhse 14 lá dár tús an dáta sin. Is é an dáta deireanach mar sin do ghlacadh an Bhuiséid an 21 Samhain, 2016.

Táirgeacht in 2016

Tugann na figiúirí réamh-mheasta le fios go mbeidh an cuntas ioncam don bhliain 2016 cothrom. Bhí an t-athbhreithniú ag tuar go mbeidh toradh dearfach ann do 2016 ag éirí as ioncaim níos airde agus costais níos ísle, lena n-áirítear laghduithe i bPárolla, Aiscí, Muirir lasachta agus Fuinneamh, agus ag an am céanna ioncam breise ó NPPR, Cíosanna agus ioncam éagsúil eile. I bhfianaise an laghdú caiteachais agus an méadú ar ioncam, táimid in ann airgead breise a leithdháileadh do thionscadail caipitil mar atá leagtha amach sa Chlár Caipitil.

An Buiséad

Tá an Dréachtbuiséad don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 leagtha amach san fhormaid fhorordaithe. Déanann an Buiséad foráil do chaiteachas iomlán de €215,953,800 agus ioncam de €94,768,600. I measc na bhfoinsí ioncaim, atá mionsonraithe ar leathanach 17 den leabhar buiséid, áirítear cíosanna tithíochta, aisíocaíochtaí iasachtaí, táillí, muirir, deontais agus aisghabhálacha. Nuair a chuirtear an t-ioncam sin san áireamh, fágfar glanriachtanas de €121,185,200 atá le maoiniú ó rátaí tráchtála agus ó leithdháileadh na cánach maoiné áitiúla.

Mar gur vótáil na Comhaltaí ag an gcruinniú i mí Mheán Fómhair an ráta cánach maoiné áitiúla a laghdú 15%, rud a d'fhág go mbeadh €5,717,668 níos lú i gceist ón gcáin sin, is é €1,905,889 an maoiniú lánroghnach atá ar fáil ón gCáin Mhaoine Áitiúil (gan bonnlíne na cánach a áireamh). Meastar gurb ionann an ghné lánroghnach de leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla agus €5,605,200, a bhfuil bonnlíne na cánach do 2017 i ndáil leis an mBuiséad Ioncaim arb ionann é agus €3,699,275 i gceist leis, rud a fhágann go bhfuil iarmhéid de €115,580,000 le toibhiú ó rátaí tráchtála. Éilíonn an méid sin ráta bliantúil ar an luacháil (ARV) arb ionann é agus 0.144 do 2017.

RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Táthar ag tuar gurb ionann ioncam ó rátaí tráchtála i 2017 agus €115.6m ar an mbunús nach mbeidh aon mhéadú ar an Ráta Bliantúil ar an Luacháil (ARV) arb ionann é agus 0.144. Tá réamh-mheas déanta gur ionann ioncam ó rátaí do 2016 agus €115.6m. Tá an deontas in ionad rátaí ar an líonra uisce, ar tiomantas é ón DHPCLG i ndáil le 2017, curtha san áireamh san ioncam do Rannóg H.

Cé nach féidir comparáid a dhéanamh idir ár “ráta” agus an chuid is mó de na hÚdaráis Áitiúla eile de bharr nádúr an phróisis athluachála, ba cheart dúinn a rá go bhfuil an t-ualach rátaí ar na hÍocóirí ráta i bhFine Gall laghdaithe ag an gComhairle seo ón uair a athluacháladh an Contae chun críche rátála in 2010. Is ag Fine Gall atá an fachtóir ráta is ísle de na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil an ráta comhlíonta is airde sa tír ag Comhairle Contae Fhine Gall ó thaobh bailiúcháin rátaí, agus gur bailíodh níos mó ná 96% de na rátaí in 2015.

Moltar go gcoinneofar an ARV do 2017 ag an ráta reatha 0.144 – an séú bliain as a chéile a bheadh ann gan aon ardú sa ráta.

BANDAÍ RÁTAÍ

Rate Band		No of Accounts	% of Accounts	Cumulative		Current Rates		Cumulative Rates €	Cumulative %
From €	To €			A/Cs	%	€	%		
0	1,000	423	7.08%	423	7.08%	€268,113	0.23%	€268,113	0.23%
1,001	5,000	2,866	47.92%	3,289	55.00%	€8,059,721	6.97%	€8,327,834	7.21%
5,001	10,000	1,130	18.89%	4,419	73.89%	€7,653,857	6.62%	€15,981,691	13.83%
10,001	50,000	1,209	20.22%	5,628	94.11%	€27,486,754	23.78%	€43,468,445	37.61%
50,001	100,000	213	3.56%	5,841	97.67%	€14,867,193	12.86%	€58,335,638	50.47%
100,001	500,000	123	2.05%	5,963	99.72%	€21,871,624	18.92%	€80,207,262	69.40%
> 500,000		17	0.28%	5,980	100.00%	€35,372,738	30.60%	€115,580,000	100.00%
		5,980	100.00%			€115,580,000	100.00%		

RÁTAÍ AR ÁITRIBH NEAMHSHEALBHAITHE

Tugtar feidhm fhorchoimeáda nua do na Comhaltaí Tofa le hAlt 31 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 maidir leis an sciar den aisíocaíocht rátaí atá infheidhmithe d’áitribh neamhshealbhaithe. Tá aisíocaíocht iomlán (100%) i bhfeidhm faoi láthair i limistéar Fhine Gall. Foráiltear leis an reachtaíocht gur féidir leis na Comhaltaí Tofa, mar fheidhm fhorchoimeáda, *“specify a local electoral area or electoral areas within its administrative area where owners of vacant premises shall be entitled to claim and receive a refund of differing proportion of the County rate”* agus *“determine the proportion of the refund to apply in respect of each local electoral area(s)”*.

Cuireadh tuairisc maidir leis an ábhar seo faoi bhráid na gComhaltaí, agus pléadh é, ag cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2015 tar éis don Ghrúpa Beartais Chorporáidigh breithniú a dhéanamh ar an ábhar. Thug an tUas. Anthony Foley ó DCU cur i láthair ag an gcruinniú freisin i ndáil leis an tuarascáil a chuir sé i dtoll a chéile maidir leis an tsaincheist seo, agus ar scaipeadh do na Comhaltaí í.

Tháinig na Comhaltaí ar chomhaontú nach mbeadh aon athrú i gcion na haisíocaíochta a bheadh infheidhmithe do 2016 agus go mbeadh aisíocaíocht 75% i bhfeidhm do 2017. Cuireadh gach íocóir ráta tráchtála ar an eolas i mí Mhárta / Aibreáin 2016 go bhféadfadh athrú a bheith ar na rátaí neamhshealbhaithe do 2017. Reáchtáladh cruinniú eile leis an Uas. Foley i mí Mheán Fómhair 2016 agus dúirt sé nach raibh aon athrú tagtha ar a thuairim maidir leis na rátaí ar áitribh neamhshealbhaithe.

STAITISTICÍ MAIDIR LE RÁTAÍ NEAMHSHEALBHAITHE 2015

Local Electoral Area	Vacant properties, number of premises	Total number of commercial premises	Vacant properties as % of total
Balbriggan	168	1035	16.3
Catleknock	71	728	9.8
Howth/Malahide	107	1224	8.7
Mulhuddart	177	1340	13.2
Swords	251	1653	15.2
Fingal	774	5980	12.9

LEITHDHÁILEADH CÁNACH MAOINE ÁITIÚLA

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas le Ciorclán Airgeadais 07/2016 dár dáta 20 Deireadh Fómhair maidir leis an Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúil 2016 arb ionann é agus €24,776,560 i ndiaidh chinneadh na gComhaltaí Tofa an bunráta cánach a laghdú faoi 15%. Mhínigh sé freisin an chaoi a raibh foráil le déanamh don €19,171,396 atá ag teastáil chun roinnt seirbhísí Tithíochta agus Bóithre a “fhéinmhaoiniú”.

Seo a leanas anailís ar Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla:

LOCAL PROPERTY TAX ALLOCATION - 2017	
	€
100% Local Property Tax Allocation 2017	38,117,785
Less 20% to Equalisation Fund	7,623,557
LPT - 80% retained locally	30,494,228
2017 Local Property Tax Base Line	3,699,275
2017 Surplus (LPT Retained Locally - 2017 LPT Baseline)	26,794,953
Discretionary Funding	7,623,557
Less 15% reduction	5,717,668
Remaining Discretionary Funding	1,905,889
Revised LPT Allocation 2017 (post decision to vary rate)	24,776,560
TO BE ALLOCATED AS FOLLOWS:	
REVENUE ACCOUNT	
<i>Total Housing LPT (Revenue a/c)</i>	2,500,000
<i>Total Roads LPT (Revenue a/c)</i>	3,914,446
Discretionary Funding	5,605,164
TOTAL LPT IN REVENUE ACCOUNT 2017	12,019,610
LPT allocated to Housing Capital Projects	12,756,950
TOTAL ALLOCATION OF LPT (80%)	24,776,560

Bíodh is gur ullmhaíodh Buiséad 2017 gan aon ardú sa Cháin Mhaoine Áitiúil ná rátaí tráchtála, ní mór breithniú a dhéanamh ar bhealach chun na foinsí ioncain sin a mhéadú an bhliain seo chugainn.

PÁROLLA

Bíonn is gur tháinig laghdú suntasach ar chostais párolla (tuarastail agus pá) na Comhairle ó 2008, tá costais párolla do 2017 ag ardú. Tá folúntais á líonadh faoi láthair de réir an cháis mar chuid d'fheachtas earcaíochta spriocdhírthe, a bhfuil faomhadh na Rannóige Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil aige. Meastar gur €65m na costais párolla (tuarastail agus párolla) do 2017.

Year	Wages (WTE)	Wages €	Salaries (WTE)	Salaries €	Pensioners	Pensions €
2008	617	31,794,000	973	54,530,300	551	6,010,700
2016 Adopted	507	22,068,700	775	42,924,500	840	11,059,400
2016 Outturn	476	20,726,500	748	41,441,400	866	11,248,700
2017	489	21,035,200	791	43,935,800	889	11,608,400

UISCE ÉIREANN

Leanann an Chomhairle ag obair le hUisce Éireann chun seirbhísí uisce a sholáthar de réir an Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse agus an Plean Seirbhíse Bliantúil comhaontaithe. Ní chuirfear clabhsúr leis na cruinnithe chun buiséid agus pleananna seirbhíse bliantúla a chomhaontú le hUisce Éireann go dtí deireadh mhí na Samhna. Cuirtear an chuid is mó den chaiteachas ar Sheirbhísí Uisce ar chóras bhainistíocht airgeadais Uisce Éireann anois agus ní thaispeántar ar chostais na Comhairle é. Baineann na príomhchostais, atá á dtaispeáint i Rannóg C, le párolla, aisíocaíochtaí iasachta praghsála uisce, costais árachais agus roinnt costas fuinnimh.

Táthar ag súil gurb é Uisce Éireann a íocfaidh gach costas réasúnta a thabhaíonn an Chomhairle agus í ag soláthar seirbhísí uisce de réir téarmaí an Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse, agus sin é an staid atá léirithe i mBuiséad 2017. Is ionann costais 2017 na Comhairle maidir le huisce dromchla agus costais stairiúla uisce agus €1.5m agus áirítear leis sin rátaí ar an líonra uisce dromchla arb ionann iad agus €983k.

AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN

Is é Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath a chuireann an tSeirbhís Dóiteáin ar fáil trí chomhaontú don cheithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath. Roinntear glanchostas na seirbhíse idir na hÚdaráis, trí dhaonra Fhine Gall a chur san áireamh mar chéatadán de na ceithre hÚdarás i mBaile Átha Cliath, líon na dteaghlach i ngach limistéar riaracháin agus an luacháil inráitithe. Meastar gurb ionann costais sciar Fhine Gall den tseirbhís in 2017 agus €19.3m, ar ardú €439k an figiúr sin i gcomparáid le buiséad 2016. Údar inní an staid seo i gcónaí. Seo a leanas cionroinnt chostais an tSeirbhís Dóiteáin idir na ceithre hÚdarás i mBaile Átha Cliath:

Local Authority	Budget 2016		Revised 2016		Budget 2017	
	Net Cost	Apportioned %	Net Cost	Apportioned %	Net Cost	Apportioned %
Dublin City Council	47,174,954	47.85	47,352,461	47.69	47,568,948	47.69
Fingal County Council	18,872,100	19.14	18,943,123	19.36	19,310,858	19.36
South Dublin County Council	18,219,802	18.48	18,288,359	18.42	18,373,244	18.42
Dun Laoghaire Rathdown	14,330,123	14.13	14,384,043	14.53	14,493,118	14.53
	98,596,979	100	98,967,986	100	99,746,168	100

LEACHTÚ NA mBEART AIRGEADAIS ÉIGEANDÁLA AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL (FEMPI)

Ghabh an Rannóg Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil leis an Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil leis na costais a bhaineann le leachtú FEMPI a bheidh le híoc in 2017, agus go sonrach maidir leis na harduithe pá agus PSPR don fhoireann reatha. Tháinig siad ar chomhaontú maidir le deontas earnála thart ar €20m. Is ionann an leithdháileadh deireanach do na húdaráis indibhidiúla agus cion comhréireach na Comhairle den mhaoiniú atá ar fáil, a ndéanfar é a ríomh ar bhunús na gcostas iarbhír méadaithe in 2017. Mar chuid den phroiséal Buiséad, tá €750k ceadaithe againn i mbuiséad 2017.

COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSÍ

Tá cionroinnt costas agus forchostas riaracháin ghinearálta i gceist le gach rannóg nach bhfuil inmhuirir do rannóg faoi leith. Tá na costais sin leagtha amach in Aguisín 1 agus is ionann iad agus €41.9m do 2017. Grúpáiltear na costais mar 'chostais tacaíochta seirbhíse' agus áirítear leo costais chóiríocht oifige, tuarastail nach bhfuil inmhuirir go díreach do rannóg faoi leith, pinsin, scor, aiscí, seirbhísí ríomhaireachta, speansais dlí, postas, teileafón, priontáil, stáiseanóireacht agus fógraíocht. Leithdháileadh na forchostais sin ar Rannóga agus Seirbhísí ar bhunús tiomáinaithe costais náisiúnta.

Seo a leanas anailís ar an gcaiteachas i ngach réimse:

Forchostas na rannoige Gnothai Corparaideacha	5,161,300
Áirítear tuarastail Seirbhísi Corparáideacha, Seirbhísi Iniuchta, lena n-airítear an Coiste Iniuchta faoin teideal seo. Áirítear freisin costais a bhaineann le Cumarsaídi agus le himeachtaí agus feilte sa chontae. Cuimsítear na costais a bhaineann le riaradh polasaithe arachais na Comhairle faoin teideal seo.	
Forchostas Foirgneamh Corporeach	11,317,400
Costais a bhaineann le solathar agus cothabhair na nOifigi Corparaideacha (Halla an Chontae, Baile Bhlainseir agus Baile Brigin). Costais parolla d'Ailtirí agus do Phoirteirí Aisiocaiochtaí iasachtaí d'oifigi Halla an Chontae agus Bhaile Bhlainseir agus costais ceaintin. Airítear anseo freisin solathar do mhaoiniú iarmheideanna dochair a bhaineann leis na costais a tabhaidh nuair a togadh coiríocht oifige, lena n-airítear.	
Forchostas an Fheidhmeannais Airgeadais	2,419,800
Is faoin teideal seo ata costais parolla don Rannog Airgeadais, lena n-airítear Arachais, Cuntais Iníocha, Bainistíocht agus Rialu Airgeadais, costais FMS agus Solathar.	
Feidhm Acmhainní Daonna	4,300,800
Is faoin teideal seo ata costais parolla don Rannog Acmhainní Daonna & don Oifigeach Slainte agus Sabhailteachta. Na costais oifige a bhaineann le parolla a Seirbhísi TF	4,762,700
Costais foirne TF, n-airítear infreastruictur líonra, freastalaithe, ríomhairí deisce, ríomhairí gluine & cruá-arráid cumarsaíde. Is faoin teideal seo ata corais TF a thacaíonn le riachtanais gach Rannog, tagann eisiúint Ceadúnas d'fheidhmchlair ríomhaireachts	
Forchostat Pínsín agus Cnapshuime	13,846,400
Gach Pínsín agus Aisce mar aoin le costais tuarastail don fhoireann sa Rannog Acmahinní Daonna a riarann parolla do phínsínearí.	

AN CLÁR CAIPITIL 2017 – 2019

Nótáil na Comhaltaí an clár caipitil 2017 – 2019 ag Cruinniú na Comhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016. Aithníonn sé 153 tionscnamh faoi leith a bhfuil €324.4m measta le caitheamh orthu thar tréimhse na 3 bliana. Tá líon tionscadal i gceist leis an gclár, a bhfuil roinnt acu ag brath ar mhaoiniú ón ár mbuiséad loncaim (trí bhithín aistrithe caipitil). Tá soláthar déanta dá leithéid de mhaoiniú ar bhealach réalaíoch agus ag an am céanna cinntiú go ndéanfar dóthain acmhainní a chur i dtreo caiteachas agus tiomantais chaipitil.

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



ANAILÍS AIRGEADAIS



Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2017 agus Táirgeacht Mheasta do 2016

Rannán agus Seirbhís	2017				2016			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle	Táirgeacht Mheasta €
F Áineas agus Fóntas								
F01 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta	1,285,100	1,285,100	370,400	370,400	2,011,100	1,854,100	813,800	826,700
F02 Feidhmí na Seirbhísí Leabharlainne agus Cartlainne	12,359,000	12,359,000	617,200	617,200	11,885,300	11,866,500	636,500	672,600
F03 Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Allamuigh	17,051,500	17,051,500	823,500	823,500	16,142,300	17,123,000	1,238,100	1,172,800
F04 Forbairt Spóirt Pobail agus Áineasa	3,864,500	3,864,500	202,400	202,400	3,683,000	4,010,200	224,300	377,600
F05 Feidhmí an Chláir Ealaíon	5,776,900	5,776,900	618,400	618,400	5,470,500	6,410,900	622,300	629,100
F06 Seirbhísí gníomhaireachta agus in-fhorchúitithe	-	-	-	-	-	-	-	-
F Iomlán an Rannáin	40,337,000	40,337,000	2,631,900	2,631,900	39,192,200	41,264,700	3,535,000	3,678,800

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2017 agus Táirgeacht Mheasta do 2016

Rannán agus Seirbhís	2017				2016			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
E Seirbhísí Comhshaoil								
E01 Feidhmiú agus larchúram Líonta Talún	5,855,900	5,855,900	49,100	49,100	6,311,100	6,357,800	42,700	47,800
E02 Aisghabháil agus Oibríochtaí Saoráidí Athchúrsála	2,676,400	2,676,400	880,600	880,600	2,479,000	2,717,400	794,300	885,300
E03 Oibríochtaí Áiseanna Fuíollábhair ina Fhuinneamh	963,600	963,600	-	-	960,000	946,700	-	-
E04 Soláthar Fuíollábhair do Sheirbhísí Bailiúcháin	-	-	-	-	-	-	-	-
E05 Bainistíocht Bhruscair	866,900	866,900	124,700	124,700	985,100	907,300	125,900	136,700
E06 Glantachán Sráide	6,056,500	6,056,500	271,300	271,300	5,968,000	6,057,400	245,500	271,600
E07 Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola	1,211,100	1,211,100	359,000	359,000	1,187,300	1,293,600	357,100	361,200
E08 Pleanáil Bainistithe Dramhaíola	373,400	373,400	23,000	23,000	375,900	305,300	21,300	19,500
E09 Cothabháil Ionad Adhlactha	2,192,100	2,192,100	1,176,400	1,176,400	2,272,500	2,412,000	1,280,100	1,189,200
E10 Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna	1,274,600	1,274,600	101,600	101,600	1,560,500	1,481,800	101,300	107,100
E11 Feidhmiú na Seirbhíse Dóiteáin	19,312,500	19,312,500	-	-	18,874,000	18,945,000	-	-
E12 Cosc Dóiteán	146,400	146,400	750,000	750,000	186,200	158,100	850,000	800,000
E13 Cáilíocht an Uisce, an Aeir agus Truailliú de dheasca Torainn	825,900	825,900	49,400	49,400	842,300	845,900	51,100	53,100
E14 Seirbhísí gníomhaireachta agus in-fhorchúitithe	-	-	-	-	-	-	-	-
E Iomlán an Rannáin	41,755,300	41,755,300	3,785,100	3,785,100	42,001,900	42,428,300	3,869,300	3,871,500

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2017 agus Táirgeacht Mheasta do 2016

Rannán agus Seirbhísí	2017				2016			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle	Táirgeacht Mheasta €
D Bainistíocht Forbartha								
D01 Pleanáil ar Aghaidh	3,181,200	3,181,200	139,100	139,100	3,902,400	3,539,200	132,200	147,000
D02 Bainistíocht Forbartha	6,533,200	6,533,200	1,094,100	1,094,100	5,560,800	5,765,800	1,326,800	1,128,400
D03 Forfheidhmiú	794,500	794,500	51,400	51,400	845,300	773,200	49,100	57,300
D04 Áiseanna Tionsclaíocha agus Tráchtála	890,600	890,600	33,700	33,700	1,213,600	1,195,900	32,000	42,400
D05 Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta	969,500	969,500	104,800	104,800	709,200	862,600	122,000	102,000
D06 An Feidhmeannas Pobail agus Fiontair	1,491,900	1,491,900	185,600	185,600	1,752,800	1,690,200	198,700	202,200
D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe	-	-	-	-	-	-	-	-
D08 Rialú Tógála	1,192,400	1,192,400	214,200	214,200	1,020,400	1,003,600	209,000	212,900
D09 Forbairt agus Cur Chun Cinn an Gheilleagair	2,997,700	2,997,700	1,258,600	1,258,600	2,907,100	2,838,300	1,349,700	1,415,000
D10 Bainistiú Réadmhaoine	848,000	848,000	631,900	631,900	725,300	822,700	426,900	643,600
D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe	411,500	411,500	199,600	199,600	410,600	358,100	214,200	172,900
D12 Seirbhísí gníomhaireachta agus in-fhorchúitithe	-	-	-	-	-	-	-	-
D Iomlán an Rannáin	19,310,500	19,310,500	3,913,000	3,913,000	19,047,500	18,849,600	4,060,600	4,123,700

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2017 agus Táirgeacht Mheasta do 2016

Rannán agus Seirbhísí	2017				2016			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidh meannach €	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidh meannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
C Seirbhísí Uisce								
C01 Soláthar Uisce	10,995,800	10,995,800	11,236,600	11,236,600	11,796,500	10,825,500	11,972,900	10,969,300
C02 Cóireáil Dramhuisce	6,462,500	6,462,500	6,654,300	6,654,300	7,783,700	6,774,700	7,980,600	6,922,400
C03 Bailiú Táillí Uisce agus Dramhuisce	-	-	-	-	467,900	455,900	474,900	469,300
C04 Leithris Phoiblí	273,800	273,800	15,000	15,000	372,100	300,100	15,000	16,700
C05 Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha a Riaradh	-	-	-	-	-	-	-	-
C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce	1,898,300	1,898,300	1,971,900	1,971,900	1,856,200	1,992,900	1,811,900	2,046,300
C07 Seirbhísí gníomhaireachta agus in-fhorchúitithe	3,400	3,400	3,700	3,700	1,300	5,900	6,400	6,100
C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil	1,518,000	1,518,000	21,600	21,600	1,345,900	1,282,100	-	6,000
C Iomlán an Rannáin	21,151,800	21,151,800	19,903,100	19,903,100	23,623,600	21,637,100	22,261,700	20,436,100

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2017 agus Táirgeacht Mheasta do 2016

Rannán agus Seirbhísí	2017				2016			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidh meannach €	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidh meannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
B Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre								
B01 Bóthar NP - Cothabháil agus Feabhsú	-	-	-	-	-	-	-	-
B02 Bóthar NS - Cothabháil agus Feabhsú	-	-	-	-	-	-	-	-
B03 Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú	7,041,200	7,041,200	2,155,100	2,155,100	7,175,600	7,084,700	2,143,700	2,164,900
B04 Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú	6,929,400	6,929,400	2,086,300	2,086,300	7,344,200	7,277,500	2,066,800	2,079,300
B05 Soilsiú Poiblí	4,456,500	4,456,500	478,400	478,400	4,875,700	4,589,900	566,300	479,200
B06 Feabhsú Bainistíochta Tráchtá	2,376,500	2,376,500	46,500	46,500	2,319,900	2,517,700	45,700	57,600
B07 Feabhsú Innealtóireachta Sábháilteachta ar Bhóithre	-	-	-	-	175,300	22,800	-	-
B08 Cur chun Cinn agus Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre	1,139,100	1,139,100	91,000	91,000	1,075,200	1,053,500	79,500	94,400
B09 Páirceáil Carranna	767,700	767,700	1,800,900	1,800,900	902,000	909,200	1,955,100	1,855,200
B10 Tacaíocht le Clár Caipitil na mBóithre	754,500	754,500	46,800	46,800	1,104,700	984,900	46,000	57,600
B11 Seirbhísí gníomhaireachta agus in-fhorchúitithe	264,800	264,800	319,200	319,200	120,500	226,100	295,000	384,500
B Iomlán an Rannáin	23,729,700	23,729,700	7,024,200	7,024,200	25,093,100	24,666,300	7,198,100	7,172,700

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2017 agus Táirgeacht Mheasta do 2016

Rannán agus Seirbhísí	2017				2016			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle	Táirgeacht Mheasta €
A Tithíocht agus Foirgníocht								
A01 Aonaid Tithíochta Údaráis Áitiúil a Chothabháil agus a Fhobheú	10,613,900	10,613,900	16,067,000	16,067,000	10,629,700	10,911,400	14,792,400	15,616,100
A02 Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta	1,195,700	1,195,700	52,600	52,600	1,184,100	1,142,900	51,700	56,100
A03 Riaradh Cíosa Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionóntaí	1,628,800	1,628,800	54,300	54,300	1,434,900	1,472,800	27,400	39,500
A04 Tacaíocht d'Fhorbairt Phobail Tithíochta	1,551,900	1,551,900	74,700	74,700	1,634,200	1,545,300	65,600	77,200
A05 An tSeirbhís do Dhaoine gan Dídean a Riaradh	2,861,000	2,861,000	285,100	285,100	2,866,800	2,836,300	178,800	182,100
A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta	8,039,400	8,039,400	5,857,900	5,857,900	7,965,800	8,054,800	6,148,800	5,848,400
E1301 Bainistíocht Cháilíocht an Uisce	415,800	415,800	400,100	369,300
E1302 Cáilíocht an Aeir agus Torainn a Cheadúnú agus a Mhionatóiriú	196,600	196,600	170,100	203,000
E1399 Costais Tacaíochta Seirbhíse	213,500	213,500	272,100	273,600
E13 Cáilíocht an Uisce, Aer agus Truailliú de dheasca Torainn	825,900	825,900	842,300	845,900
E1401 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe	-	-	-	-
E1499 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
E14 Seirbhísí gníomhaireachta agus infhaighte ar ais	-	-	-	-
E Iomlán an Rannáin	41,755,300	41,755,300	42,001,900	42,428,300

Tábla F - Ioncam

Rannán E - Seirbhísí Comhshaoil

Ioncam de réir Foinse	2017		2016	
	Glactha ag an gComhairle	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle	Táirgeacht Mheasta €
Deontais Rialtais, Fóirdheontais, agus CMÁ				
An Roinn Coimirce Sóisialaí	-	-	-	-
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	265,500	265,500	265,500	263,300
An Roinn Cosanta	-	-	-	-
Deontais agus Fóirdheontais Eile	-	-	-	-
Iomlán Deontas Rialtais, Fóirdheontas, agus CMÁ	265,500	265,500	265,500	263,300
Earraí agus Seirbhísí				
Táillí Dramhaíola Tí	450,000	450,000	391,000	450,000
Táillí Dramhaíola Tráchtála	-	-	-	-
Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Aisíochta	-	-	-	-
Aoisliúntas	268,800	268,800	278,100	278,200
Táillí Líonta Talún	-	-	-	-
Táillí Dóiteáin	750,000	750,000	850,000	800,000
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	92,300	92,300	66,400	92,300
Ioncam eile	1,958,600	1,958,600	2,018,100	1,987,600
Iomlán Earraí agus Seirbhísí	3,519,700	3,519,700	3,603,600	3,608,100
Iomlán Rannán 'E'	3,785,200	3,785,200	3,869,100	3,871,400

Rannán F ÁINEAS AGUS FÓNTAS

LEABHARLANNA

Is ag Leabharlanna Fhine Gall atá an bhallaíocht cláraithe is airde sa tír, arb ionann í agus 189,719 nó 64% den daonra. Tugadh isteach is amach le 1.15 milliún cuairt ar Leabharlanna Fhine Gall in 2016 chun leabhair a thabhairt amach ar iasacht, páipéir nuachta a léamh, eolas a fháil, ríomhaire a úsáid, freastal ar chruinniú nó ar imeacht. Tógadh amach níos mó ná milliún mír ar iasacht ónár leabharlanna in 2016, idir leabhair, phictiúir, chluichí consóil agus go leor eile. Cuirtear seirbhísí ar fáil ar fud líonra 10 leabharlann bhrairse, ceithre veain leabharlainne taistil, seribhís dóibh siúd atá gafa sa teach agus rannóg do staidéar áitiúil agus cartlanna. Tá tromlach na bpointí seirbhíse i mbun feidhme sé lá sa tseachtain, agus bíonn siad oscailte 45 uair in aghaidh na seachtaine ar an meán, arb ionann an ráta sin arís agus an ráta is airde sa tír.

Bíonn an-tóir ar ár n-acmhainní digiteacha, agus tá an t-éileamh atá orthu ag fás i gcónaí. Áirítear leis na hacmhainní sin ríomhleabhair, ríomhnuachtáin, ríomhirisleabhair agus cúrsaí foghlama ar líne. Taifeadh níos mó ná 92,247 íoslódáil in 2016, arb ionann sin agus ardú 84% ar fhiúir na bliana 2015. Is iad na ríomhnuachtáin ó Library Press Display agus ríomhirisleabhair ó Zinio na hacmhainní ar líne is mó a bhfuil tóir orthu i gcónaí. Ligeann na háiseanna d'úsáideoirí rochtain a fháil ar na mílte teideal nuachtán agus irisleabhar as an tír seo agus an domhan trí chéile. Sheolamar ár seirbhís is nuaí, Comics Plus, i mí Bealtaine 2016. Íoslódáladh 500 úrscéal agus greannán grafach ón tseirbhís seo ó Bhealtaine go dtí deireadh Mheán Fómhair 2016.

Leanfaidh an Chomhairle lena tiomantas in 2017 na bunseirbhísí leabharlainne a chur ar fáil in aisce, spás sábháilte, neodrach agus daonlathach a chur ar fáil do shaoránaigh Fhine Gall. Tagann grúpaí pobail le chéile inár leabharlanna gach lá chun todhchaí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch a bpoal a phlé agus a phleanáil.

Is í an aidhm atá ag ár gclár cultúrtha agus oideachais ná tacú le litearthacht agus le foghlaim feadh an tsaoil. Feidhmíonn an clár mar thairseach d'acmhainní saibhre na leabharlanna agus an phobail. I measc na n-imeachtaí rialta atá againn, áirítear clubanna leabhar don duine fásta agus don naíonán, gníomhaíochtaí scéalaíochta, cuairteanna ó údair, seisiúin scríbhneoireachta cruthaithí, ceardlanna ealaíne agus taispeántais. Tionscnaíodh an tsraith ceardlanna scríbhneoireachta Write Time in 2016, ar ceardlanna cruthaitheachta agus scríbhneoireachta iad do dhaoine fásta i bhFhine Gall. Lean na cláir léitheoireachta Summer Stars agus Battle in the Castle ag mealladh léitheoirí óga i rith 2016 agus réachtálfar arís in 2017 iad.

Rinne Rannóg na Leabharlann comhordú ar imeachtaí earraí cuimhneacháin ar fud an chontae mar chuid de chlár na Comhairle chun Éirí Amach na Cásca 1916 a chomóradh, agus d'eagraigh sí sraith léachtaí a thug staraithe, saineolaithe ginealais agus scríbhneoirí sa tréimhse suas go dtí mí Bealtaine 2016. Bhí ról lárnach ag baill foirne ó Staidéar Áitiúil agus Cartlanna i gClár Comórtha na Comhairle do 2016, agus chuir siad sonraí stairiúla ar fáil, reáchtáil siad sraith cainteanna, chuir siad Bailiúchán Stair Bhéil Fhine Gall 1916 i dtoll a chéile, chuir siad mórthaispeántas ar bun dár teideal "Fingal and the Fight for Irish Freedom" agus chuir siad pacáiste eolais le léaráidí do scoileanna i dtoll a chéile. Déanfaidh siad bainistíocht in 2017 ar dhigitiú agus foilsiú ar líne stór íomhánna de na míreanna a tugadh chuig na trí Lá Earraí Cuimhneacháin a reáchtáladh i Mullach Íde, Baile Bhlainséir agus Baile Brigín.

Chuaigh an tIonad Tacaíochta Gnó, Fiontraíochta agus Fostaíochta ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir isteach i gcéim a dó den chlár píolótach náisiúnta in 2016 agus dhírigh sé ar fhiontraithe atá ag teacht chun cinn, agus orthu siúd ar dífhostaíodh le gairid iad nó atá tearcghostaithe. Tugann an tseirbhís, atá ag feidhmiú anois ó Leabharlann Bhaile Brigín freisin, tacaíocht phraiticiúil agus eolas trí cheardlanna, cainteanna agus imeachtaí líonraithe, do ghnóthaí nuathionscanta agus do dhaoine atá ar thóir fostaíochta agus deiseanna gairme. Tá rochtain in aisce freisin ar bhunachair sonraí gnó ar líne, ar ríomhairí, Wi-Fi agus ar áiseanna priontála. Reáchtálann Leabharlann Bhaile Bhlainséir, i gcomhpháirtíocht le hOifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall, cúrsaí chun Do Ghnó Féin a Chur ar Bun ar bhonn rialta, agus Clinicí Comhairle Gnó gach coicís.

Leanann Ionad Faisnéis Dhíreach na hEorpa, atá lonnaithe ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir freisin, ag díriú ar fhaisnéis faoin AE a chur ar fáil do shaoránaigh, agus ar phlé, díospóireacht agus aiseolas a spreagadh i ndáil le topaicí AE trí imeachtaí cultúrtha, seimineáir agus ceardlanna.

Déanann ceithre veain leabharlainne taistil Fhine Gall freastal ar an gContae trí chéile trí leabhair a chur ar fáil do scoileanna agus do chomharsanachtaí. Ar an gcaoi chéanna, déanann an tseirbhís dóibh siúd atá gafa sa teach freastal ar ionaid cúraim agus ar dhaoine aonair nach bhfuil in ann a dteach a fhágáil. Tá foráil déanta againn inár mbuiséad ioncaim do 2017 chun trí cinn dár veaineanna taistil níos sine, atá ar an mbóthar le 18 bliain, a athsholáthar.

Is é ár stoc leabhar an ghné is lárnaí dár seirbhís agus táimid tiomanta é a choinneáil chun dáta agus ábhartha dár léitheoirí. Tá €750,000 leithdháilte don chiste leabhar in 2017 tá próisis curtha ar bun againn le húdaráis leabharlainne eile chun a chinntiú go bhfaighimid an luach is fearr ar airgead.

Tá airgead curtha i leataobh chun tús a chur in 2017 leis an bpróiseas athchóirithe ar Leabharlann na Sceirí, ar foirgneamh traidisiúnta Carnegie é a tógadh in 1911. Tá Ionad Cathartha agus Cultúrtha i Sord á fhorbairt ag an gComhairle freisin, a mbeidh leabharlanna nua agus áiseanna do na healaíona i gceist leis. Ionad foghlama, cultúir agus caitimh aimsire don 21ú haois a bheidh san ionad seo, mar aon le spás oscailte agus fáiltiúil do shaoránaigh an Chontae trí chéile. Gheobhaidh dearadh an Ionaid faisnéis ó fhionnachtana an chomhairliúcháin phoiblí ar cuireadh tús leis in 2015, agus ar leanadh leis le cruinnithe grúpaí fócais in 2016.

PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE

Déanann Buiséad 2017 foráil do chothabháil leanúnach ar 5000 acra (2,000 ha.) de spásanna oscailte, páirceanna réigiúnacha agus áiseanna spóirt mar phríomhghnéithe d'Infreastruchtúr Glas Fhine Gall. Tá maoiniú san áireamh freisin chun feabhas leanúnach a chur ar pháirceanna imeartha, clóis súgartha agus áiseanna spóirt, lena n-áirítear cúrsaí gailf agus ghalf dhá mhaide poiblí. Tá foráil déanta freisin do chaomhnú agus d'fheabhas Bhithéagsúlacht Fhine Gall, chomh maith le tograí athchóirithe cosúil le Caisleán Bhrí Mhór. Tá €400,000 curtha ar fáil d'oibreacha feabhsúcháin i bpáirceanna agus spásanna oscailte i rith 2017.

FOIRGNIMH OIDHREACHTA

Táthar ag leanúint le hoibreacha feabhsúcháin ar fhoirgnimh oidhreachta atá in úinéireacht na Comhairle agus atá á mbainistiú aici. I measc na n-oibreacha sin, áirítear mórfheabhsúcháin ar Chaisleán Shord agus ar Dhiméin Dhroichead Nua. Táthar ag tabhairt faoi na hoibreacha sin de réir riachtanas Pleanála Bainistíochta Caomhnaithe.

Leanfar leis an obair ar athchóiriú Chaisleán Bhrí Mhór, lena n-áirítear feistiú inmheánach an phríomhfhoirgnimh agus feabhsúcháin do na spásanna lasmuigh in aice leis an gcaisleán.

TRÁNNA

Is í an Chomhairle atá freagrach as tránna a chothbháil i bhFine Gall agus tá foráil déanta dó sin i mBuiséad 2017.

AN RANNÓG POBAIL, CULTÚIR & SPÓIRT

Oibríonn an Rannóg Pobail, Cultúir agus Spóirt i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail deonacha, gníomhaireachtaí agus le soláthraithe seirbhíse chun caighdeán na beatha a fheabhsú do shaoránaigh Fhine Gall trí chéile. Déanaimid amhlaidh trí áiseanna pobail, caithimh aimsire agus spóirt a sholáthar, cláir oideachais, seirbhísí tacaíochta agus comhairle d'iarrachtaí pobail.

Oifigeach Forbartha Pobail:

Is é dualgas an Oifigigh Forbartha Pobail comhphobail chomhtháite láidre rannpháirteacha a fhorbairt i bhFine Gall trí chéile, a mbíonn daoine bródúil a bheith ina gcónaí iontu, a bhfuil rochtain acu ar raon deiseanna sóisialta, cultúrtha agus forbartha agus a bhfuil ionchur acu sna próisis cinnteoireachta áitiúla.

Déanann an tOifigeach Forbartha Pobail na cláir oiliúna pobail seo a leanas a sheachadadh: An Clár Pathways to Participation agus an Clár First Steps initiatives in áiseanna pobail ar fud an Chontae. Áirítear leis an gclár oiliúna pobail scileanna coiste, oiliúnt forbartha pobail agus saoránacht ghníomhach. Seachadadh seisiún maidir le Cosaint Sonraí do cheannairí pobail leis an gClár Máistir-Rang 2016. Spreagann an Clár First Steps gabháil an phobail le gníomhaíochtaí réamhfhorbartha agus in 2016, áiríodh i measc na ngníomhaíochtaí a seachadadh ranganna Béarla do thosaitheoirí agus d'fheabhsaitheoirí, Fáilte Isteach, cócaireacht shláintiúil, ealaíon agus ceardaíocht agus socracht trí Tai Chi.

Leanfar le seachadadh na dtionscnamh seo chuig grúpaí pobail agus deonacha i rith 2017 in áiseanna pobail agus áiseanna pobail roinnte i bhFine Gall. Tá foráil €100,000 san áireamh i mBuiséad 2017 don chlár seo agus do chlár forbartha pobail eile. Tá sé beartaithe againn €1.1m a chaitheamh chun cabhrú le bainistíocht agus le feidhmiú na 31 áis pobail i bhFine Gall.

Fuair 43 grúpa i bhFine Gall maoiniú do thionscadail samhraidh a raibh €59,000 i gceist leis, agus ghlac níos mó ná 4,020 leanbh páirt sna tionscnaimh sin in 2016. Tá €53,000 curtha ar fáil ag an Scéim Maoinithe Gníomhaíochtaí chun dáta in 2016 do ghrúpaí pobail a eagraíonn gníomhaíochtaí cosúil le tionscadail chun cur leis an timpeallacht, gníomhaíochtaí spóirt, foilseacháin, tionscadail taighde áitiúla, na healaíona agus gníomhaíochtaí idirchultúrtha. Tá sé beartaithe againn leanúint leis an dá thionscadal in 2016/17 agus iad a leathnú, agus cuirfear €150,000 ar fáil dóibh. Cuireadh tús le hathbhreithniú iomlán den scéim maoinithe in 2016 agus tá sé beartaithe go dtabharfar isteach scéim feabhsaithe in 2017.

Tionscnamh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta:

Tá €20,000 curtha ar fáil i mBuiséad 2017 chun go leanfar ar aghaidh leis an obair ar an tionscnamh seo. Bhunaigh an Comhaontas Aoisbhá an fo-choiste Tithíochta Aoisbhá, agus tá an fochoiste sin ag iarraidh spléachadh a fháil ar Riachtanais Tithíochta Daoine Breacaosta sa Chontae, rud a thacóidh le forbairt Plean Tithíochta do Dhaone Breacaosta i bhFine Gall. Anuas air sin, tá Lónra Míchumais Fhine Gall i mbun oibre chun Eolairí Faisnéise do Dhaoine Breacaosta i bhFine Gall a thiomsú a bheidh cosúil leis an Eolaire Faisnéise a seoladh sna Sceirí i mí Lúnasa 2015.

Oifigeach Ealaíon:

Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall na healaíona chun cinn go gníomhach agus tá €120,000 curtha ar fáil in 2017 le haghaidh Deontais Ealaíon. Tacaíonn na deontais sin le raon leathan gníomhaíochtaí cultúrtha ar fud Fhine Gall, lena n-áirítear féilte ealaíon áitiúla bliantúla, mórimeachtaí ceoil agus seachtainí ealaíon do scoileanna, agus tairgeann sé tacaíocht chultúrtha dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Tá ag éirí go maith i gcónaí le dhá Ionad Ealaíon na Comhairle, Draíocht i mBaile Bhlainséir agus Ionad Ealaíon Seamus Ennis san Aill, agus tá €650,000 curtha ar fáil dóibh in 2017.

Tá €55,000 curtha i leataobh i mBuiséad 2017 d'imeachtaí bliantúil cosúil le Spréacha, ar féile amharclainne idirnáisiúnta do leanaí é, agus Amharic Fine Gall, ceol don saol, ar tionscnaimh iad chun tacú le céimithe ealaíon atá ag teacht chun cinn i bhFine Gall. Tá €81,500 á chur ar fáil dár gcláir don Óige agus Oideachas, a n-áirítear leo Artful Dodgers, ar clár ealaíon uathúil don luath-óige i seirbhísí creise pobail é, saothair ealaíne nua a tháirgeadh agus taighde i gcomhpháirtíocht le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá €47,500 curtha ar fáil do thaispeántais agus seimineáir atá comhlántach leis an ról níos leithne chun saothair ealaíne phoiblí a choimisiúnú i bhFine Gall trí chéile.

Leanfaidh an Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí (scéim sparántachta) in 2017 agus is ceann de thionscnaimh Phlean Ealaíon Fhine Gall 2013-17 é. Is é cuspóir na Scéime tacú le healaíontóirí proifisiúnta aonair as Fine Gall chun a gcleachas ealaíne a fhorbairt.

Ligeann sé d'ealaíontóirí proifisiúnta leas a bhaint as dámhachtain i dtreo taistil nó forbartha proifisiúnta, cónaitheacht nó forbairt oibre. Is é aidhm an dámhachtana an t-am agus na hacmhainní atá de dhíth ó ealaíontóirí a thabhairt dóibh chun dul i mbun machnaimh, taighde a dhéanamh agus gabháil lena ngairmeacha ealaíne. Tá €40,000 i gceist leis an gciste do 2017.

An Oifig Spóirt:

Pleanálann an Oifig Spóirt líon clár spóirt a bhfuil sé mar aidhm acu rannpháirtíocht spóirt a mhéadú agus iad dírithe go sonrach ar ghrúpaí cosúil le leanaí, daoine óga i mbaol, grúpaí faoi mhíbhuntáiste, mná i spóirt, daoine fásta níos sine agus daoine faoi mhíchumas. In 2017, tá sé beartaithe againn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gclár Ríochtú Spóirt/Fíricí Spóirt i mbunscoileanna trí raon modúl inrochtana oiliúna do mhúinteoirí a fhorbairt, mar aon le measúnuithe leanúnacha agus láithreán gréasáin oideachais/faisnéise oiliúnú, chomh maith le raon pleananna oiliúna a thabhairt isteach chun oideachas a chur chóitseálaithe agus chun oibríthe deonacha a fhorbairt. Anuas air sin, leanfaimid ag tairiscint cúrsaí maidir le Cumhdach Leanaí do chumainn spóirt pobail agus do ghrúpaí gaolmhara eile. Leanfaimid ag reáchtáil líon clár ar fud an Chontae agus tuilleadh oibre a dhéanamh ar chlár forbartha cumann trí oideachas do chóitseálaithe agus seimineáir oiliúna. Tá €140,000 curtha ar fáil do na tionscnaimh seo in 2017.

Chomh maith leis na cláir spóirt, tá €260,000 á chur ar fáil in 2017 do chomhpháirtíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus áitiúla chun raon spóirt a fhorbairt laistigh den Chontae. Tá sé beartaithe againn freisin €70,000 a chur ar fáil don scéim Deontais (Bheaga) Spóirt don Óige le haghaidh cumann spóirt atá le seoladh sa dara leath de 2016. Táthar ag beartú an tsuim sin a mhéadú go dtí €100,000 in 2017 chun go n-áireofar Deontais Ghníomhaíochtaí Spóirt leo.

F – Baithreamh Airteirí


Eagradh

F01	Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta	€1,285,100
F02	Feidhmiú na Seirbhísí Leabharlainne agus Cartlainne	€12,359,000
F03	Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Allamuigh	€17,051,500
F04	Forbairt Spóirt Pobail agus Áineasa	€3,864,500
F05	Feidhmiú an Chláir Ealaíon	€5,776,900
		€40,337,000



Ioncain

Deontais DHPCLG	€75,000
Deontais agus Fóirdheontais Eile	€137,000
Ioncam Eile	€1,665,400
Áineas/Fóntas/Cultúr	€80,000
Aoisliúntas	€616,900
Táillí/Fíneálacha Leabharlainne	€57,600
€2,631,900	



Tábla F - Caiteachas				
Rannán F - Áineas agus Fóntas				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2017		2016	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidh meannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
F0101 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta	381,300	381,300	1,154,900	1,018,400
F0103 Ranníocaíocht le hÁiseanna Fóillíochta Chomhlachtaí	345,000	345,000	318,000	345,000
F0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse	558,800	558,800	538,200	490,700
F01 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta	1,285,100	1,285,100	2,011,100	1,854,100
F0201 Oibríochtaí na Seirbhíse Leabharlainne	6,503,400	6,503,400	6,159,900	6,102,700
F0202 An tSeirbhís Cartlainne	104,000	104,000	110,600	103,700
F0204 Ceannachán Leabhar, DLúthdhioscaí etc.	750,000	750,000	750,000	750,000
F0205 Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Leabharlainne	-	-	-	-
F0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse	5,001,600	5,001,600	4,864,800	4,910,100
F02 Feidhmiú na Leabharlann agus na Seirbhíse Cartlainne	12,359,000	12,359,000	11,885,300	11,866,500
F0301 Páirceanna, Páirceanna Imeartha & Spásanna Oscailte	11,762,200	11,762,200	11,076,100	12,065,200
F0302 Clóis Shúgartha	309,400	309,400	438,600	396,100
F0303 Tránna	399,000	399,000	465,600	456,600
F0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse	4,580,900	4,580,900	4,162,000	4,205,100
F03 Oibríochtaí Limistéir Caithimh Aimsire Lasmuigh	17,051,500	17,051,500	16,142,300	17,123,000
F0401 Deontais Phobail	1,062,600	1,062,600	995,800	1,011,200
F0402 Feidhmiú Halla Gleacaíochta/Staidiam	35,800	35,800	32,500	35,400
F0403 Áiseanna Pobail	858,400	858,400	703,900	868,600
F0404 Forbairt Caithimh Aimsire	1,091,000	1,091,000	1,191,000	1,332,600
F0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse	816,700	816,700	759,800	762,400
F04 Forbairt Spóirt Pobail agus Caithimh Aimsire	3,864,500	3,864,500	3,683,000	4,010,200
F0501 Riaradh Chlár na nEalaíon	1,522,400	1,522,400	1,411,600	1,460,400
F0502 Ranníocaíochtaí le Cláir Ealaíon Comhlachtaí eile	73,900	73,900	74,600	73,800
F0503 Oibríochtaí Músaem	-	-	-	-
F0504 Oibríochtaí Oidhreachta/Áiseanna Léirmhíniúcháin	3,498,800	3,498,800	3,356,100	4,239,900
F0505 Féilte agus Ceolchoirmeacha	65,000	65,000	65,000	65,000
F0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse	616,800	616,800	563,200	571,800
F05 Feidhmiú Chlár na nEalaíon	5,776,900	5,776,900	5,470,500	6,410,900
F0601 Seirbhíse Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe	-	-	-	-
F0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
F06 Seirbhíse gníomhaireachta agus infhaighte ar ais	-	-	-	-
F Iomlán an Rannáin	40,337,000	40,337,000	39,192,200	41,264,700

Tábla F - Ioncam				
Rannán F - Áineas agus Fóntas				
	2017		2016	
	Glactha ag an gComhairle	Measta ag an bPríomhfheidh meannach	Glactha ag an gComhairle	Táirgeacht Mheasta
Ioncam de réir Foinse	€	€	€	€
Deontais Rialtais, Fóirdheontais, agus CMÁ				
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	-	-	-	-
An Roinn Coimirce Sóisialaí	-	-	-	-
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	75,000	75,000	115,000	179,000
An Roinn Oideachais agus Scileanna	-	-	-	-
Comhairle na Leabharlann	-	-	-	-
An Chomhairle Ealaíon	27,000	27,000	-	27,200
Deontais agus Fóirdheontais Eile	110,000	110,000	138,200	186,500
Iomlán Deontas Rialtais, Fóirdheontas, agus CMÁ	212,000	212,000	253,200	392,700
Earraí agus Seirbhísí				
Áineas/Fóntas/Cultúr	80,000	80,000	980,000	774,100
Táillí/Fíneálacha Leabharlainne	57,600	57,600	79,500	57,600
Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Aisíochta	-	-	-	-
Aoisliúntas	616,900	616,900	653,000	653,000
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	-	-	-	-
Ioncam eile	1,665,400	1,665,400	1,569,300	1,801,500
Iomlán Earraí agus Seirbhísí	2,419,900	2,419,900	3,281,800	3,286,200
Iomlán Rannán 'F'	2,631,900	2,631,900	3,535,000	3,678,900

Rannán G

TALMHAÍOCHT, OIDEACHAS, SLÁINTE AGUS LEAS

DEONTAIS ARDOIDEACHASÍ

Tá na hiarratais ar Dheontas Mac Léinn a athnuachan ag teacht lena bhfuiltear ag súil, agus níos lú ná 20 acu don bhliain acadúil 2016/2017. Táthar ag laghdú an méid tacaíochta riaracháin chun déileáil leis na hiarratais sin mar sin, agus tabhófar costas ionchasach neamh-in-fhorchúitithe de €10,900. Tá costas breise de €6,500 do thacaíocht riaracháin neamh-in-fhorchúitithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Ní bheidh i gceist le hionchur ionchasach na Comhairle don bhliain acadúil 2017/2018 ar aghaidh ach 10 mac léinn nó níos lú.

BEILE SCOILE

Tá suim ar ionann í agus €55,000 (glan) curtha san áireamh do Scéim na mBéilí Scoile in 2017.

CALAFOIRT NA SEIRBHISE MAORACHTA MADRAI Cuimsíonn an buiséad seo de €0.2m cothabháil laethúil ag Calafóirt Bhaile Brigín, na Sceirí, an Rois agus Loch Sionnaigh, agus Slip Mhullach Íde.

FEIDHMIU NA SEIRBHISE MAORACHTA MADRAI

Tá soláthar ar ionann é agus €236,800 san áireamh i mBuiséad 2017 chun freagrachtaí faoi na hAchtanna um Rialú Madraí 1986 agus 1992 a chomhlíonadh. Tá cumhachtaí ag an gComhairle faoi na hAchtanna sin aon mhadra ar strae nó nach bhfuil ceadúnas aige a ghabháil agus a ghabhniú.


FEIDHMIU NA SEIRBHISE GABHALA CAPALL AGUS AN HONA CAPALL

Tá foráil do €139,000 san áireamh i mBuiséad 2017 chun freagrachtaí faoin Acht um Rialú Capall, 1996 a chomhlíonadh. Tugann an tAcht sin cumhachtaí don Chomhairle aon chapall ar strae a d'fhéadfadh a bheith ina bhaol do dhaoine nó do réadmhaoin, nó a bheith ina chúis núise, a ghabháil agus a ghabhniú.

G Tagairt, Sláinte & Leas


Caiteachas

G02	Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Calafort	€243,700
G04	Seirbhís Tréidliachta	€489,100
G05	Seirbhísí Tacaíochta Oideachais	€197,600
		€930,400



Ioncam

An Roinn Oideachais agus Scileanna	€13,500
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	€80,000
Deontais agus Fóirdheontais Eile	€50,000
Ioncam Eile	€129,500
Aoisliúntas	€6,400
	€279,400



Tábla F - Caiteachas

Rannán G - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas

Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2017		2016	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
G0101 Limistéir Draenála Talún a Chothabháil	-	-	-	-
G0102 Ranníocaíochtaí le Comhchomhlachtaí Draenála	-	-	-	-
G0103 Pinsin Talmhaíochta a Íoc	-	-	-	-
G0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
G01 Costais Draenála Talún	-	-	-	-
G0201 Céanna a Oibriú	-	-	-	-
G0203 Calafóirt a Fheidhmiú	195,700	195,700	247,900	242,900
G0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse	48,000	48,000	41,700	41,600
G02 Céanna agus Calafóirt a Oibriú agus a Chothabháil	243,700	243,700	289,600	284,500
G0301 Cothabháil Ghinearálta - Réigiúin an Chósta	-	-	-	-
G0302 Cosaint Pleanáilte ar Réigiúin an Chósta	-	-	-	-
G0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
G03 Cosaint an Chósta	-	-	-	-
G0401 An tSeirbhís Tréidliachta a Sholáthar	-	-	-	-
G0402 Cigireacht Seamlas etc	30,000	30,000	40,000	46,000
G0403 Sábháilteacht Bia	17,000	17,000	17,000	17,000
G0404 An tSeirbhís Maorachta Madraí a Fheidhmiú	236,800	236,800	225,100	234,300
G0405 Seirbhísí Eile um Leas Ainmnithe (Rialú Capall san áireamh)	139,000	139,000	137,900	161,800
G0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse	66,300	66,300	55,200	55,500
G04 Seirbhís Tréidliachta	489,100	489,100	475,200	514,600
G0501 Deontais Ardoideachais a Íoc	20,000	20,000	50,000	96,500
G0502 Deontais Ardoideachais a Riaradh	10,900	10,900	25,200	18,200
G0503 Pinsin Choiste Gairmoideachais a Íoc	-	-	-	-
G0504 Pinsin Choiste Gairmoideachais a Riaradh	-	-	-	-
G0505 Ranníocaíocht leis an gCoiste Gairmoideachais	-	-	-	-
G0506 Seirbhísí Oideachais Eile	5,000	5,000	5,000	2,500
G0507 Béilí Scoile	112,300	112,300	119,900	116,800
G0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse	49,400	49,400	110,600	110,600
G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais	197,600	197,600	310,700	344,600
G0601 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe	-	-	-	-
G0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
G06 Seirbhísí gníomhaireachta agus infhaighte ar ais	-	-	-	-
G Iomlán an Rannáin	930,400	930,400	1,075,500	1,143,700

Tábla F - Ioncam

Rannán G - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas

Ioncam de réir Foinse	2017		2016	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
Deontais Rialtais, Fóirdheontais, agus CMÁ				
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	-	-	-	-
An Roinn Oideachais agus Scileanna	13,500	13,500	43,500	90,000
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	-	-	-	-
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	80,000	80,000	90,000	80,000
Deontais agus Fóirdheontais Eile	50,000	50,000	50,000	50,000
Iomlán Deontas Rialtais, Fóirdheontas, agus CMÁ	143,500	143,500	183,500	220,000
Earraí agus Seirbhísí				
Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Aisíochta	-	-	-	-
Aoisliúntas	6,400	6,400	9,800	9,800
Ranníocaíochtaí ag údarais áitiúla eile	-	-	-	-
Ioncam eile	129,500	129,500	136,500	150,300
Iomlán Earraí agus Seirbhísí	135,900	135,900	146,300	160,100
Iomlán Rannán 'G'	279,400	279,400	329,800	380,100

Rannán H SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA

RIARADH RÁTAÍ

Áirítear leis an tseirbhís seo an costas a bhaineann le bailiúchán rátaí chomh maith le soláthar d'aisíocaíocht rátaí ar réadmhaoin neamhshealbhaithe agus díscríobh drochfhiacha.

Ag teacht leis an bhforáil in Alt 31 den Acht Rialtais Áitiúil 2014, is féidir leis an gComhairle, mar fheidhm fhorchoimeádta, cion na n-aisíocaíochtaí rátaí ar áitribh neamhshealbhsaithe i dtoghranna a athrú.

CLÁR na dTOGHTHÓIRÍ/VÓTÓIRÍ

Tiomsaíonn an Chomhairle Contae Clár na dToghthóirí gach bliain agus foilsíonn sí é faoin spriodhata reachtúil. Táthar ag súil go mbeidh 185,159 toghthóir ar Dhréachtchlár na dToghthóirí atá le foilsiú an 1 Samhain 2016.

FEIDHMIÚ NA MARBHLAINNE AGUS SPEANSAIS CRÓINÉARA

Soláthraíonn Cróinéir na Cathrach agus an Chontae an fheidhm Cróinéara agus Binsí do Bhaile Átha Cliath trí chéile ar bhonn Gníomhaireachta. Meastar gur isteach is amach le €420,000 costas na seirbhíse don 2017.

COSTAIS COMHALTAÍ

Rinneadh foráil le hIonstraim Reachtúil 236 de 2014 do laghdú suntasach ar na liúntais do chostais a bhaineann le Comhaltaí Tofa a bheith ag freastal ar chomhdhálacha agus ar oiliúint. Tá €27,000 curtha ar fáil do Chomhaltaí Tofa chun freastal ar chomhdhálacha agus ar oiliúint in 2017.

MUIREAR AR ÁIT CHÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH NEAMHPHRÍOMHA (ÁCPN)

Tá soláthar €1.3m i mBuiséad 2017 maidir le riaráistí muirear NPPR a aisghabháil.

COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSÍ

MAOINIÚ OIFIGÍ na COMHAIRLE

Tá €4.5m leithdháilte chun oifig Bhaile Bhlaínséir agus oifigí Halla an Chontae a mhaoiniú.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Tacaíonn an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise le soláthar seirbhísí do shaoránaigh, gnólachtaí agus do chomhaltaí tofa Fhine Gall trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid.

Tá athstruchtúrú cuimsitheach ar siúl ag an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise faoi láthair chun a chur ar chumas na Rannóige na riachtanais teicneolaíochta atá ag Comhairle Contae Fhine Gall a chomhlíonadh, agus leanfar leis sin in 2017. Anuas air sin, táthar ag athsoláthar infreastruchtúr teicneolaíochta na Comhairle faoi láthair, ar infreastruchtúr é a bhfuil aois tagtha air, agus tabharfar chun dáta é agus déanfar níos solúbtha é. Leanfar leis an obair sin in 2017.

Tá na tionscadail seo ar siúl faoi láthair agus leanfar díobh in 2017 –

- Athsholáthar Infreastruchtúr an Fhrestalaí
- Athsholáthar Infreastruchtúr an Chroí-Líonra
- Foirne Ríomhchlár na Comhairle a Nuachóiriú
- Córas Acmhainní Daonna, Párolla & Aoisliúntais

Áirítear le tionscadail eile a bhfuil obair le déanamh orthu in 2017 –

- Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- Tuairisciú Corparáideach
- Córas Bainistíochta do Chruinnithe na Comhairle

Leanfaidh an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise le cothabháil agus le tacú le hinfreastruchtúr teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide Chomhairle Contae Fhine Gall, lena n-áirítear líonra sonraí na Comhairle, an t-infreastruchtúr freastalaí, na córais ghnó agus na gléasanna ríomhaireachta.

Leanfaidh an Chomhairle lena rannpháirtíocht ghníomhach sa tionscadal réigiúnach Smart Dublin, a bhfuil sé mar aidhm aige nuálaíocht agus comhoibriú in úsáid teicneolaíochta a chur chun cinn chun go bhforbrófar réitigh nua do dhúshláin réigiúnacha aitheanta.

ACMHAINNÍ DAONNA

Tar éis don Rialtas an moratóir ar earcaíocht a mhaolú, tá isteach is amach le 40 feachtas earcaíochta curtha i gcrích ag an Rannóg Acmhainní Daonna i rith 2016, a raibh sé mar thoradh orthu gur earcaíodh 50 ball foirne nua ag gráid éagsúla. Leanfar le hearcú foirne in 2017, agus an Rannóg Acmhainní Daonna ag cinntiú go mbeidh dóthain foirne ann chun seirbhísí a sheachadadh don phobal. Leanfaimid orainn ag cur chun feidhme Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2018 agus comhaontuithe eile a rialaíonn an Earnáil Rialtais Áitiúil.

Leantar leis an obair chun ár gcórais tuarastail agus pá a bhogadh go dtí timpeallacht seirbhísí comhroinnte i bPort Laoise ag teacht leis an mbeartas náisiúnta, agus tá an córas TF Náisiúnta HRMS ag déanamh éascaíochta air sin, agus ag tacú leis.

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna tiomanta i gcónaí a chinntiú go mbainfear amach na héifeachtúlachtaí san ionad oibre atá de dhíth, tríd an bpróiseas comhpháirtíochta ionad oibre Network Fingal, agus ag an am céanna síochán tionsclaíoch a choinneáil.

OILIÚINT

Leanann an Rannóg Acmhainní Daonna ag cinntiú, tríd an gcóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, go gcuirfear ar bhonn leanúnach leis na scileanna, cumais agus inniúlachtaí atá ag ár bhfostaithe ionas go mbeidh siad in ann a róil a chomhlíonadh ar bhealach inniúil agus sábháilte i dtimpeallacht oibre a bhíonn ag síorathrú.


SLÁINTE & SÁBHÁILTEAGHT CHEIRDE

Leanann an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta ag cur réimeas dian cigireachtaí agus iniúchta sábháilteachta i bhfeidhm chun go gcinnteofar sábháilteacht ár bhfostaithe agus conraitheoirí chomh maith leis an bpobal a n-imríonn seachadadh ár seirbhísí tionchar ar a sábháilteacht. Bhain an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta gradam sábháilteachta amach ag Dámhachtana Sábháilteachta Uile-Éireann NISO 2016 mar aitheantas ar ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta.

H – Seirbhísí Ilghnéitheacha


Caiteachas

H02	Cuntas Brabúis agus Cailteanais Stórais	€211,400
H03	Riaradh Rátaí	€9,501,000
H04	Costais Saincheadúnais	€382,100
H05	Feidhmiú na Marbhlainne agus Speansais Chróinéara	€420,700
H06	Droichid Mheáite	€6,300
H08	Damáiste Mailíseach	€600
H09	Ionadaíocht Áitiúil agus Ceannaireacht Chathartha	€2,103,300
H11	Seirbhísí gníomhaireachta agus in-fhorchúitithe	€1,022,100
		€13,647,500



Ioncam

Deontais DHPCLG	€5,998,500
ÁCPN	€1,300,000
Ioncam Eile	€628,400
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	€144,000
Aoisliúntas	€72,600
	€8,143,500



Tábla F - Caiteachas

Rannán H - Seirbhísí Ilghnéitheacha

Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fíorúil	2017		2016	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidh meannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeach t Mheasta €
H0101 Cothabháil na Seirbhíse Innealra	1,706,700	1,706,700	1,506,700	1,586,700
H0102 Oibríochtaí Gléasra agus Innealra	(1,706,700)	(1,706,700)	(1,506,700)	(1,586,700)
H0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
H01 Cuntas Brabúis & Cailteanais Innealra	-	-	-	-
H0201 Ceannachán Ábhar, Stóras	82,900	82,900	96,000	82,900
H0202 Costais Riaracháin, Stóras	48,200	48,200	59,600	52,900
H0203 Cothabháil Foirgneamh, Stóras	-	-	-	-
H0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse	80,300	80,300	73,200	73,600
H02 Cuntas Brabúis & Cailteanais Stórais	211,400	211,400	228,800	209,400
H0301 Riaradh Oifig na Rátaí	167,600	167,600	60,000	152,600
H0302 An tSeirbhís Bhainistíocht Fiachais Rátaí	756,000	756,000	651,900	742,300
H0303 Aisíocaíochtaí agus Do-Aisghabhála Rátaí	7,770,000	7,770,000	8,250,000	8,400,000
H0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse	807,400	807,400	831,700	848,800
H03 Riaradh Rátaí	9,501,000	9,501,000	9,793,600	10,143,700
H0401 Costais a bhaineann le Clár na dToghthóirí	196,800	196,800	294,500	370,200
H0402 Costais a bhaineann le Toghcháin Áitiúla	-	-	-	-
H0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse	185,300	185,300	200,100	204,400
H04 Costais Saincheadúnais	382,100	382,100	494,600	574,600
H0501 Táillí agus Speansais Cróinéara	420,000	420,000	420,000	420,000
H0502 Feidhmiú na Marbhlainne	-	-	-	-
H0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse	700	700	700	700
H05 Feidhmiú na Marbhlainne agus Speansais Cróinéara	420,700	420,700	420,700	420,700
H0601 Droichid Mheáite	5,800	5,800	5,600	5,800
H0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse	500	500	700	700
H06 Droichid Mheáite	6,300	6,300	6,300	6,500
H0701 Feidhmiú Margáí	-	-	-	-
H0702 Limistéir Trádála Ócáidí	-	-	-	-
H0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
H07 Feidhmiú Margáí agus Trádáil Ócáideach	-	-	-	-
H0801 Damáiste Mailíseach	-	-	900	1,000
H0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse	600	600	100	100
H08 Damáiste Mailíseach	600	600	1,000	1,100

Tábla F - Caiteachas

Rannán H - Seirbhísí Ilghnéitheacha

Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2017		2016	
	Glactha ag an gComhairle	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach	Glactha ag an gComhairle	Táirgeacht Mheasta
	€	€	€	€
H0901 Íocaíochtaí d'Ionadaithe	662,600	662,600	662,600	662,600
H0902 Liúntais an Chathaoirligh/an Leaschathaoirligh	41,000	41,000	42,500	42,500
H0903 Liúntais Bhliantúla Chomhaltaí an Údaráis Áitiúil	340,500	340,500	345,000	336,600
H0904 Speansais Chomhaltaí an Údaráis Áitiúil	-	-	-	-
H0905 Speansais Eile	-	-	-	-
H0906 Comhdhálacha Thar Lear	8,000	8,000	10,000	5,000
H0907 Aiscí Scoir	-	-	-	-
H0908 Ranníocaíocht le Cumann Comhaltaí	16,400	16,400	16,000	16,400
H0909 Leithdháileadh Ginearálta Bardasach	-	-	-	-
H0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse	1,034,800	1,034,800	1,041,600	1,048,300
H09 Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Chathartha	2,103,300	2,103,300	2,117,700	2,111,400
H1001 Feidhmiú Mótarchánach	-	-	-	-
H1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
H10 Mótarcháin	-	-	-	-
H1101 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe	242,700	242,700	191,000	141,400
H1102 NPPR	386,000	386,000	228,900	198,300
H1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse	393,400	393,400	325,700	327,300
H11 Seirbhísí gníomhaireachta agus infhaighte ar ais	1,022,100	1,022,100	745,600	667,000
H Iomlán an Rannáin	13,647,500	13,647,500	13,808,300	14,134,400
Móriomlán	215,954,100	215,954,100	214,176,700	214,838,300

Tábla F - Ioncam


Rannán H - Seirbhísí Ighnéitheacha

Ioncam de réir Foinse	2017		2016	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
Deontais Rialtais, Fóirdheontais, agus CMÁ				
An Roinn Coimirce Sóisialaí	-	-	-	-
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	5,998,500	5,998,500	5,339,400	6,135,600
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	-	-	-	-
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	-	-	-	-
HFA agus BMW nach mbaineann le Roinn	-	-	-	-
Deontais agus Fóirdheontais Eile	-	-	-	-
Iomlán Deontas Rialtais, Fóirdheontas, agus CMÁ	5,998,500	5,998,500	5,339,400	6,135,600
Earraí agus Seirbhísí				
Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Aisíochta	-	-	-	-
Aoisliúntas	72,600	72,600	61,100	61,100
ÁCPN	1,300,000	1,300,000	1,000,000	1,700,000
Ranníocaíochtaí ag údaráis áitiúla eile	144,000	144,000	144,000	144,000
Ioncam eile	628,400	628,400	485,300	1,556,800
Iomlán Earraí agus Seirbhísí	2,145,000	2,145,000	1,690,400	3,461,900
Iomlán Rannán 'H'	8,143,500	8,143,500	7,029,800	9,597,500
Móriomlán	94,768,600	94,768,600	92,535,800	94,405,200

DEIMHNIÚ

Deimhnímse leis seo, ag an gcuirniú maidir le Buiséad Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall a tionóladh an 8ú lá de mhí na Samhna 2016, gur ghlac an Chomhairle leis an mBuiséad Bliantúil don bhliain airgeadais dar críoch an 31ú lá de mhí na Nollag 2017 le rún, mar atá leagtha amach i dTáblaí A - F, agus gur chinn le rún, de réir an Bhuiséid sin, gurb é an ráta atá leagtha amach i dTábla A an Ráta Bliantúil ar Luacháil a ghearrfar go ceann na bliana sin chun na gcrích atá leagtha amach i dTábla A.

Arna shíniú


Mayor

Arna chomhshíniú


Head of Finance

Dáta

8/11/16.

Aguisín 1

ACHOIMRE AR AN MUIREAR BAINISTÍOCHTA LÁRNAÍ DON BHLIAIN 2017

	2017	2016
Cur síos	€	€
Forchostas na hOifige Ceantair	-	-
Forchostas na hOifige Gnóthaí Corparáideacha	5,161,300	5,142,300
Forchostas na hOifige Foirgneamh Corparáideach	11,371,400	11,784,600
Forchostas an Fheidhmeannais Airgeadais	2,419,800	2,135,100
Forchostas an Fheidhmeannais Acmhainní Daonna	4,300,800	4,175,700
Forchostas Seirbhísí TF	4,762,700	4,581,100
Forchostas an tSeomra Clódóireachta agus Postais	-	-
Forchostas Pinsin agus Cnapshuime	13,846,400	13,604,400
Iomlán an Chaiteachais arna leithdháileadh ar Sheirbhísí	41,862,400	41,423,200

Aguisín 2		
ACHOIMRE AR LEITHDHÁILEADH NA CÁNACH MAOINE ÁITIÚLA, 2017		
Cur síos	2017	2017
	€	€
Lánroghnach		
Cáin Mhaoine Áitiúil Lánroghnach	5,605,200	
	<hr/>	5,605,200
Féinmhaoiniú - Buiséad Ioncaim		
Tithíocht agus Foirgníocht	2,500,000	
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	3,914,400	
	<hr/>	6,414,400
Cáin Mhaoine Áitiúil Iomlán - Féinmhaoiniú		<hr/> 12,019,600
Buiséid Ioncaim - Buiséad Caipitil		
*Tithíocht agus Foirgníocht	12,757,000	
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	-	
	<hr/>	<hr/> 12,757,000
Cáin Mhaoine Áitiúil Iomlán - Buiséad Caipitil		
Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla Iomláine (Iar-Athrúchán)		24,776,600

*Tá deighilt an riachtanais féin-mhainithe bunaithe ar an rangú atá déanta ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na cuntais reatha agus caipitil. Níl sé ag teacht leis an gcaoi a gcaitheann an t-údarás áitiúil leis i roinnt cásanna, áfach, mar shampla Deontais do Thithíocht Phríobháideach, an Scéim Chomhiomlánaithe Talún. Dá réir sin, áirítear leis an leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúla do Chaipitil Tithíochta roinnt gnéithe féin-mhainithe atá rangaithe mar ioncam sa mBuiséad seo, bíodh is nach bhfuil gné na Cánach Maoine Áitiúla ar eolas ag an gcéim seo. Ullmhaíodh an buiséad, mar sin féin, ar an mbunús go maioineofar na scéimeanna go hiomlán tríd an gCáin Mhaoine Áitiúil nó maoiniú ón Rialtas.

Nótas
